



# Beartas eu-LISA maidir leis an Iteangachas 2023

# Clár Ábhar

<b>Clár Ábhar</b> .....	<b>2</b>
<b>1. Réamhrá</b> .....	<b>3</b>
<b>2. Cuspóir agus raon feidhme an Bheartais</b> .....	<b>3</b>
<b>3. Cur chun feidhme Bheartas eu-LISA maidir leis an Ilteangachas</b> .....	<b>3</b>
3.1. Róil agus freagrachtaí .....	4
3.2. Bealaí Cumarsáide Corparáideacha .....	4
3.3. Doiciméid Chorparáideacha agus ábhair faisnéise.....	4
<b>4. Monatóireacht</b> .....	<b>7</b>

# 1. Réamhrá

Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), réitigh fhadtéarmacha ar fáil i réimse shlándáil inmheánach an AE agus tacaíonn sí le cur chun feidhme beartas tearmainn, imirce agus bainistithe teorainneacha, trí theicneolaíocht faisnéise a úsáid.

**Bainistíonn agus forbraíonn eu-LISA na córais mhórsála uile-Eorpacha TF** Eurodac, SIS, VIS, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN agus cruthaíonn sé idir-inoibritheacht idir na sé chóras uile.

Cuireann an Ghníomhaireacht **sainoiliúint ar fáil d'údaráis na mBallstát** maidir leis an úsáid a bhaineann siad as na córais agus **déanann sí cúraimí taighde agus forbartha** amhail faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí nua sa teicneolaíocht, atá ábhartha maidir leis na córais mhórsála TF nó maidir le treoirthionscadail agus tionscadail chruthúnais choincheapa a chur chun feidhme.

Urramaíonn eu-LISA go hiomlán an t-ilteangachas mar phrionsabal bunaidh an AE. Leanann an Ghníomhaireacht Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle agus gníomhartha dlíthiúla gaolmhara eile maidir le ceanglais teanga, mar a leagtar amach freisin in Airteagal 33 dá Rialacháin Bhunaithe (**EU 2018/1726**). Ag an am céanna, ní mór don Ghníomhaireacht na hacmhainní airgeadais agus daonna a leithdháiltear uirthi a chur san áireamh agus prionsabail an ilteangachais á gcur chun feidhme aici.

## 2. Cuspóir agus raon feidhme an Bheartais

Is é is cuspóir do bheartas eu-LISA maidir leis an ilteangachas chun a áirithiú go n-aithneofar freagrachtaí laistigh den Ghníomhaireacht agus go gcomhlíonfar na hoibleagáidí dlíthiúla maidir leis an ilteangachas.

Cumhdaíonn an beartas cainéil chorparáideacha agus foilseacháin eu-LISA mar a leagtar amach in Airteagal 34 dá Rialacháin Bhunaithe agus a liostaítear i gcodanna III 2 agus III 3.

Ní chumhdaítear leis an mbeartas ceisteanna a bhaineann le bainistiú doiciméad eu-LISA.

## 3. Cur chun feidhme Bheartas eu-LISA maidir leis an Ilteangachas

Is iad príomhpháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta institiúidí an AE, Ballstáit an AE agus Tíortha Comhlachaithe Schengen, mar aon leis na Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (JHAA) agus an pobal i gcoitinne .

De réir chinneadh Bhord Bainistíochta eu-LISA (Uimh. 2017-037 REV 1), is é Béarla teanga oibre eu-LISA. Is iad príomhpháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta, a fheidhmíonn ar an leibhéal Eorpach le haghaidh comhairliúchán poiblí, cruinnithe agus chun doiciméid theicniúla, dhlíthiúla nó bheartais a fhoilsiú, is mó a úsáideann Béarla freisin. Is i mBéarla a dhéantar an chuid is mó de chumarsáid eu-LISA.

I gcás inarb iomchuí, déantar cumarsáid phoiblí na Gníomhaireachta i dteangacha AE eile (chomh maith le Béarla). Déantar é sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás de réir chriticiúlacht na teachtaireachta agus de réir shuíomh an phríomh-spríochobail.

Foilsítear ábhair éagsúla faisnéise poiblí, amhail bileoga, bróisiúir agus bileoga eolais, i bhFraincis, i nGearmáinis agus in Eastóinis, chomh maith le Béarla, chun tacú le rannpháirtíocht an phobail i dtíortha óstacha eu-LISA.

I gcomhréir le ceanglais Airteagal 19 agus Airteagal 33, agus chun coinníollacha Airteagal 34 den Rialachán Bunaithe a chomhlíonadh, déanann Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) doiciméid chorparáideacha eu-LISA a aistriú.

Tá eu-LISA ag féachaint le hinfhaighteacht faisnéise ilteangaí a leathnú do spriocphobail sheachtracha agus tá sé ag breathnú ar Mheaisínáistriúchán (MT), go háirithe Meaisínáistriúchán Néarach (NMT), mar sheirbhís nua a chuireann CdT ar fáil.

### 3.1. Róil agus freagrachtaí

Tá Rannóg na Cumarsáide (COMS), laistigh den Aonad um Thacaíocht Feidhmiúcháin agus um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara (ESU) de chuid eu-LISA, freagrach as foilseacháin éigeantacha agus neamhéigeantacha araon na Gníomhaireachta a fhoilsiú agus/nó a aistriú ar an mbealach seo a leanas:

- táirgeadh ábhair eu-LISA a chomhordú, i gcomhréir le próiseas eu-LISA maidir le hÁbhar a Tháirgeadh agus a Fhoilsiú, agus pleananna bliantúla a aistriú agus a fhoilsiú;
- ábhar a tháirgeadh agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin eu-LISA agus ar ardáin na meán sóisialta.

deánann COMS comhordú freisin ar fhreagraí foirmiúla eu-LISA ar fhiosrúcháin phoiblí i gcomhréir leis na ceanglais maidir le trédhearcacht a leagtar síos in Airteagal 34 (5) dá Rialachán Bunaithe.

### 3.2. Bealaí Cumarsáide Corparáideacha

Deánann bealaí cumarsáide eu-LISA, amhail an **t-inlíon**, a **thairseach foghlama ar líne (LMS)** agus a **chuntais oifigiúla ar na meáin shóisialta**, faisnéis a roinnt agus cumarsáid a dhéanamh i dteanga oibre na Gníomhaireachta – is é sin Béarla.

Foilsíonn príomhbhealach cumarsáide seachtrach na Gníomhaireachta – **suíomh gréasáin eu-LISA** – faisnéis i dteangacha oifigiúla AE eile freisin. Mar chuid de chur i bhfeidhm suímh ghréasáin sheachtraigh nua (2023-2024), a bhfuil feidhmiúlachtaí nuashonraithe aige, tá an Gníomhaireacht ag smaoineamh ar uirlis aistriúcháin uathobrithe a úsáid chun ábhar statach an tsuímh ghréasáin a aistriú go níos mó teangacha AE, agus ag an am céanna rochtain níos áisiúla go digiteach ar leaganacha éagsúla teanga a chur ar fáil.

Tá cuntais oifigiúla meán sóisialta ag eu-LISA ar Twitter, LinkedIn, Facebook agus YouTube. Ní hamháin go dtáirgeann an Gníomhaireacht ábhar bunaidh, ach oibríonn sí i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le hinstiúidí eile a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhordaithe ar na meáin shóisialta le Gníomhaireachtaí JHA eile agus le ciorcal níos leithne Gníomhaireachtaí uile an AE.

### 3.3. Doiciméid Chorparáideacha agus ábhair faisnéise

Aistríonn eu-LISA na doiciméid seo a leanas go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, mar a cheanglaítear lena Rialachán bunaidh (AE 2018/1726) agus foilsíonn sé an chuid is mó díobh ar a shuíomh gréasáin:

	<b>Spríochobal</b>	<b>Cuspóir</b>	<b>An cineál ábhair</b>	<b>Teangacha</b>	<b>Cainéal/Uirlis</b>
<b>Clársceidealú doiciméid</b>	An Bord Bainistíochta;	Faisnéis chomh maith le	Clár oibre	Teangacha uile AE (foilsiú éigeantach)	Formáid Doiciméad

Údarás Buiséadach; páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	cuntasacht agus trédhearcacht	Iniompartha Léirithe (PDF) foilsithe ar an suíomh gréasáin
--	----------------------------------	---

<b>Tuarascálacha          Bliantúla ar          Ghníomhaíochtaí</b>	An Bord Bainistíochta; Údarás Buiséadach; páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	Faisnéis chomh maith le cuntasacht agus trédhearcacht	Tuarascáil ar gníomhaíochtaí	Teangacha uile AE (foilsíú éigeantach)	Formáid Doiciméad Iniompartha Léirithe (PDF) foilsithe ar láithreán gréasáin
---	---	--	---------------------------------	---	--

<b>Buiséid bhliantúla</b>	An Bord Bainistíochta; Údarás Buiséadach; páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	Faisnéis chomh maith le cuntasacht agus trédhearcacht	Buiséad	Teangacha uile AE (foilsíú éigeantach)	Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) foilsithe ar láithreán gréasáin
---------------------------	---	--	---------	---	--

<b>Liostaí de na          húdarais inniúla a          údaraítear chun na          sonraí atá i gCóras          Faisnéise          Schengen a          chuardach go          díreach</b>	An Bord Bainistíochta; Páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	Faisnéis agus trédhearcacht	Tuarascáil	Gach teanga AE (foilsíú éigeantach)	Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) foilsithe ar láithreán gréasáin
---	--	--------------------------------	------------	--	--

<b>Liostaí Oifigí na          gcóras náisiúnta          SIS II (N.SIS II)          agus Bhiúróinna          SIRENE</b>	An Bord Bainistíochta; Páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	Faisnéis agus trédhearcacht	Tuarascáil	Gach teanga AE (foilsíú éigeantach)	Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) foilsithe ar láithreán gréasáin
--	--	--------------------------------	------------	--	--

<b>Freagraí oifigiúla</b>					
<b>eu-LISA ar</b>	An Bord	Faisnéis agus			Formáid
<b>bharúlacha CIE ar</b>	Bainistíochta;	formheas;	Tuairimí	Gach teanga AE	Doiciméad
<b>chuntais bhliantúla</b>	Údarás	cuntasacht agus		(foilsiú éigeantach)	Iniompartha
<b>na</b>	Buiséadach;	trédhearcacht			(PDF)
<b>Gníomhaireachta</b>					

Chun faisnéis shothuigthe a chur ar fáil don phobal, agus d'aon pháirtí leasmhar eile, maidir lena chuid oibre (i gcomhréir le hAirteagal 34 (4) dá Rialachán Bunaithe), foilsíonn eu-LISA bileoga eolais i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis agus in Eastóinis:

	Spriocphobal	Cuspóir	An cineál ábhair	Teangacha	Cainéal/Uirlis
Bileoga faoi phríomhfheidhmeanna eu-LISA	Páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta; An pobal i gcoitinne; Na Meáin	Faisnéis	Faisnéis; Ábhar bolscaireachta	Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Eastóinis	Cóip ar pháipéar maisithe; foilsíú ar líne ar an suíomh gréasáin; Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) foilsithe ar an suíomh gréasáin

## 4. Monatóireacht

Déanann eu-LISA athbhreithniú agus nuashonrú go rialta ar a bheartas ilteangachais i gcomhréir le hathruithe ar straitéis agus buiséad foriomlán na Gníomhaireachta.

I gcomhthéacs na teicneolaíochta a bhíonn ag forbairt go tapa, bíonn uirlisí aistriúcháin éagsúla leath-uathoibríoch agus go hiomlán uathoibríoch ag síorathrú. Leanann eu-LISA na forbairtí teicneolaíochta sin go dlúth agus measann sé iad a úsáid nuair is féidir chun a cumarsáidí a aistriú go líon méadaitheach teangacha AE amach anseo.